

Aonad 10 – Ceacht 3



Ceartha Tomhaltóirí Siopadóireacht ar Líne

Léigh amach gach ceann de na ráitis thíos agus tabhair am do na daltaí a rogha a léiriú idir 'Fíor' nó 'Bréagach'.

Is féidir leo spás a phiocadh idir an dá láthair mura mbíonn siad cinnte – nó má cheapann siad go mbíonn eisceachtaí ann. Iarr ar roinnt daltaí míniú a thabhairt ar an rogha atá déanta acu. Cén fáth ar phioc siad rogha amháin thar rogha eile?

Tar éis plé a dhéanamh ar gach ráiteas, bunaithe ar aiseolas na ndaltaí – tabhair tuileadh eolais dóibh ó **bhileog an mhúinteora**, a chabhróidh leo tuiscint sa bhreis a fhorbairt.

1. Tá níos lú ceart agat mar thomhaltóir má cheannaíonn tú ar líne, seachas i siopa.
2. Má cheannaíonn tú ó chomhlacht ar líne atá lonnaithe taobh amuigh den Aontas Eorpach, tá níos lú ceart agat ná mar a bheadh má cheannaíonn tú ó chomhlacht ar líne atá san Aontas Eorpach.
3. Má dhéanann tú cinneadh nach maith leat rud a cheannaigh tú ar líne nuair a fhaigheann tú é, is féidir leat é a sheoladh ar ais agus tá aisíocaíocht iomlán ag dul duit.
4. Má tá fabht le hearraí a cheannaíonn tú ar líne nuair a fhaigheann tú iad, tá na cearta céanna agat ná mar a bheadh agat dá gceannófa na hearraí céanna i siopa.
5. Níl aon chostas breise má cheannaíonn tú earraí ó shuíomh idirlín taobh amuigh den Aontas Eorpach.

